# Leagann an Tuarascáil Eatramhach Béim ar Théamaí atá ag Teacht Chun Cinn maidir le Sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2)

**Leagann an Tuarascáil Eatramhach Béim ar Théamaí atá ag Teacht Chun Cinn maidir le Sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2)**

Dé hAoine, 9 Bealtaine: Is díol sásaimh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) gur foilsíodh *Staidéar agus Athbhreithniú Leantach ar Chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2)- Tuarascáil Eatramhach Céim a hAon /A Study and Continuing Review of the Implementation of Junior Cycle Irish Specifications (T1 & T2) – First Interim Report*. Tá sé sin ar an gcéad cheann i sraith tuarascálacha taighde ar chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2[1]).

Leis an staidéar ilghnéitheach seo ina n-úsáidtear modhanna measctha, tógtar ar thaighde a rinneadh roimhe seo, go háirithe *Athbhreithniú Luath ar Chur i bhFeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 &T2 don tSraith Shóisearach (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023)*. Dírítear ann ar an leagan nuashonraithe de shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí ó mhí Mheán Fómhair 2023, agus é mar aidhm leis léargais mhionsonraithe a sholáthar, thar thréimhse trí bliana, ar thaithí scoileanna a oibríonn le sonraíochtaí T1 agus T2 agus tionchar na n-athruithe ar an gcuraclam.

Sa chéad tuarascáil eatramhach a dhíríonn ar agallaimh le 18 gceannaire scoile agus fócasghrúpaí le 42 múinteoir ó 12 scoil cás-staidéir ar fud na tíre, nochtar roinnt téamaí atá ag teacht chun cinn. Ar na scoileanna sin, áiríodh meascán de scoileanna T1 agus T2, lena soláthraítear léargais ar an bhforáil idirdhealaithe don Ghaeilge i gcomhthéacsanna oideachasúla difriúla.

Tarraingíodh aird ar roinnt gnéithe dearfacha do chur i bhfeidhm shonraíochtaí na Gaeilge, lena n-áirítear:

- **Pleanáil agus Comhoibriú Múinteoirí:** Ghlac na múinteoirí go fonnmhar leis an bpleanáil chomhoibríoch. Bhí cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) luachmhar go háirithe chun tacú le breithiúnais ghairmiúla.
- **Cruthaitheacht sa Teagasc agus san Fhoghlaim:** Chuimsigh múinteoirí i scoileanna T1 agus T2 araon straitéisí nuálacha, go háirithe chun scileanna teanga ó bhéal a chur chun cinn.

---

[1] Tá sonraíocht Theanga 1 (T1) dírithe ar fhoghlaimeoirí agus ar chainteoirí dúchais i scoileanna Gaeltachta agus ar scoláirí in earnáil an Ghaeloideachais (Gaelcholáistí agus Aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). Tá sonraíocht Theanga 2 (T2) dírithe go príomha ar scoláirí atá ag tabhairt faoin nGaeilge mar an dara teanga, i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

- **Acmhainní ilghnéitheacha:** Tá múinteoirí ag baint úsáid as réimse ábhar agus acmhainní, amhail gearrscannáin, scéalta agus réimse téacsanna chun scoláirí a ghríosú agus a scileanna teanga agus litearthachta a fheabhsú.
- **Tacaíochtaí don Ghaeilge:** Bhí príomhról ag tacaíochtaí ionscoile agus seachtracha araon chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Chothaigh scoileanna T1, go háirithe, naisc láidre leis an nGaeltacht agus le pobail áitiúla, agus iad ag baint leas as acmhainní a d'fhorbair an Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Rinne scoileanna T2 tagairt d'acmhainní a d'fhorbair TG4 Foghlaim agus scéimeanna tacaíochta amhail Gaelbhratach agus Gaeilge 24.

In ainneoin na láidreachtaí sin, tugadh roinnt dúshlán faoi deara:

- **Béaltriail na Gaeilge:** Mhol múinteoirí agus ceannairí scoile araon béaltriail na Gaeilge a thabhairt isteach ag an tSraith Shóisearach chun na scoláirí a spreagadh le húsáid a bhaint as an teanga i gcomhthéacsanna ón bhfíorshaol agus iad a ullmhú ar bhealach níos fearr do mheasúnuithe na Sraithe Sinsearaí. Breathnaíodh ar an easpa béaltrialach, a bheadh cosúil lena n-úsáidtear i nGaeilge na hArdteistiméireachta, mar bhacainn roimh scileanna béaltrialach a fheabhsú.
- **Taithí ar an Scrúdú Deiridh:** Cáineadh an scrúdú deiridh reatha, atá dírithe go príomha ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht, toisc nach raibh sé oiriúnach d'fhoghlaimeoirí uile na Gaeilge. Thuairiscigh múinteoirí T1, go háirithe, nach raibh torthaí a gcuid scoláirí ina léiriú cruinn ar inniúlacht na scoláirí sa teanga ó bhéal ná ar chaighdeán ard na Gaeilge labhartha a fuair siad sa bhaile agus/nó ar scoil.
- **Ionchuimsiú:** Tríd an staidéar, nochtadh go bhfuil níos mó tacaíochta ag teastáil ó scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama bhreise acu agus ó scoláirí nuathagtha i scoileanna T1 agus T2.
- **Aistriú ón mBunscoil go dtí an Iar-bhunscoil:** Thug múinteoirí ar aird go raibh bearna ann idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil. Tuairiscíodh go raibh cuid mhór scoláirí ag streachailt leis an aistriú ón oideachas bunscoile go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile, agus gur bhraith siad go raibh sé dúshlánach dul i dtaithí ar an mbéim mhéadaithe ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht as Gaeilge.

Tá sonraíochtaí na Gaeilge roinnte ina dhá chatagóir: T2 do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus ina múintear an Ghaeilge mar an dara teanga, agus T1 do scoileanna Gaeltachta, scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iar-bhunscoileanna ina bhfuil snáitheanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Agus fáilte á cur roimh an tuarascáil eatramhach, tharraing an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Arlene Forster aird ar an méid seo a leanas: *'Ag cur leis na torthaí ón*

*athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath in 2023, tríd an tuarascáil a foilsíodh inniu, réitítear an bealach chun tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí múinteoirí agus ceannairí scoile ar oibriú le sonraíochtaí curaclaim Ghaeilge T1 agus T2 de chuid na Sraithe Sóisearaí. Tá deis ar leith ag an staidéar chun díriú ar thionchar an churaclaim agus na n-athruithe measúnaithe a tugadh isteach mar fhreagairt dhíreach ar thorthaí athbhreithniú 2023, agus chun an méid sin a mheas freisin. Tríd an bhfoghlaim ó thuarascálacha an lae inniu agus ó thuarascálacha ina dhiaidh seo, cuideofar le hobair CNCM ar an nGaeilge a mhúnlú agus le tacú leis an dioscúrsa níos leithne faoi chúrsaí oideachais agus faoin bhforbairt beartais*.'

Tríd an tuarascáil eatramhach, léirítear tús iniúchta níos doimhne ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Sa dá bhliain amach romhainn, leathnófar an staidéar chun go n-áireofar suirbhé náisiúnta ar mhúinteoirí, fócasghrúpaí le scoláirí, ionchur ó thuismitheoirí agus caomhnóirí, agus aiseolas ó réimse leathan páirtithe leasmhara. Tríd an taighde, leanfar de mhonatóireacht a dhéanamh ar athruithe deireanacha ar na sonraíochtaí, amhail an laghdú ar an méid téacsanna liteartha nach mór plé leo sna seomraí ranga, Measúnaithe Rangbhunaithe, agus fiosrófar riachtanais athraitheacha scoileanna T1 agus T2 araon.

Tuarascáil: https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/forbairti-curaclaim/gaeilge/

Críoch.